# Mé Féin

1. **Cad is ainm duit?**
   (______ is ainm dom.)
2. **Cé thusa?**
   (Is mise ______.)
3. **Cén aois thú?**
   (Tá mé aon/dhá bhliain déag d'aois.)
4. **Cá bhfuil tú i do chónaí?**
   (Tá mé i mo chónaí i ________ i ______.)
5. **Cár rugadh thú?**
   (Rugadh i _______ mé.)
6. **Cé mhéad deartháir atá agat?**
   (Tá deartháir amháin/beirt dheartháir agam)
   (Níl aon deartháir agam.)
7. **Cé mhéad deirfiúr atá agat?**
   (Tá deirfiúr amháin/beirt dheirfiúr agam)
   (Níl aon deirfiúr agam.)
8. **An bhfuil aon deirfiúr/deartháir agat?**
   (Níl aon deirfiúr nó deartháir agam. Is páiste aonair mé.)
9. **Cén dath atá ar do chuid gruaige?**
   (Tá dath ________ ar mo chuid gruaige.)
   (Tá gruaig dhonn/fhionn/dhubh/rua orm.)
10. **Cén dath atá ar do shúile?**
    (Tá dath ________ ar mo shúile.)

Seomra Ranga © Seomra Ranga 2020 www.seomraranga.com

# Mé Féin

**11. Cá dtéann tú ar scoil?**

(Téim ar scoil i Scoil ______ i _______.)

**12. Cén rang ina bhfuil tú?**

(Tá mé i Rang a ____.)

**13. An bhfuil peata agat?**

(Tá madra agam. Cocó is ainm dó)

(Níl aon pheata agam.)

**14. Cé hé an duine is óige i do chlann?**

(Is é mo dheartháir ____ an duine is óige i mo chlann.)

**15. Cé hí an duine is sine i do chlann?**

(Is í mo dheirfiúr _____ an duine is sine i mo chlann.)

**16. Conas a théann tú ar scoil?**

(Téim ar scoil sa charr/ar an mbus/ar mo rothar.)

(Siúlaim ar scoil gach lá le mo chara.)

(Rothaím ar scoil gach lá.)

**17. Cén post atá ag d'athair?**

(Is múinteoir/dochtúir/búistéir/tógálaí é m'athair. Oibríonn sé ______.)

**18. Cén post atá ag do mháthair?**

(Is altra/innealtóir/cuntasóir í mo mháthair. Oibríonn sí ________.)

Seomra Ranga © Seomra Ranga 2020 www.seomraranga.com